C/2025/2004

30.4.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Measúnú ar thuarascálacha Letta agus Draghi maidir le feidhmiú agus iomaíochas Mhargadh Aonair an Aontais

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/2004)

Rapóirtéir: **Matteo Carlo BORSANI**

Rapóirtéir: **Giuseppe GUERINI**

Rapóirtéir: **Stefano PALMIERI**

Comhairleoirí	Eleonora TRENTO (don rapóirtéir Matteo Carlo BORSANI) Samuel CORNELLA (don rapóirtéir Giuseppe GUERINI) Marco CILENTO (don rapóirtéir Stefano PALMIERI)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	11.7.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	12.2.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.2.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	594
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	222/2/6

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tacaíonn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) leis an méid a iarradh i dtuarascálacha Draghi agus Letta maidir leis an ngá gníomhú go práinneach chun cur le hiomaíochas gheilleagar na hEorpa, agus diúltú don tuiscint gur trí spriocdhátaí a chur ar atráth is féidir an chomhthoil a bhaint amach.

1.2. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an margadh aonair a thabhairt chun críche, agus earnálacha an airgeadais, na cumarsáide leictreonaí agus an fhuinnimh a chuimsiú ann chomh maith le hearnáil na seirbhísí a neartú.

1.3. Ba cheart do na hinstitiúidí Eorpacha agus do na Ballstáit tús a chur le díospóireacht iomchuí faoi rialacha bunúsacha an Aontais agus faoi cé chomh maith agus a bheidh na Conarthaí in ann déileáil leis na dúshláin atá ann, dúshláin a bhfuil intinn ghéar agus gníomh gasta ag teastáil lena bhfreagairt.

1.4. Iarrann CESE ar na hinstitiúidí Eorpacha dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an margadh aonair a thabhairt chun críche, agus an-aird á díriú ar an inbhuanaitheacht comhshaoil, ar an rathúnas eacnamaíoch, ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar an gcomhtháthú críochach ós gnéithe tábhachtacha den iomaíochas iad.

1.5. Tacaíonn CESE leis an achainí a rinne Draghi agus Letta, is é sin gur gá do gheilleagar na hEorpa, ag a bhfuil luachanna agus rialacha ar leith, a bheith iomaíoch arís trí sheasamh níos láidre a ghlacadh ar an leibhéal idirnáisiúnta.

1.6. Tathantaíonn CESE ar na hinstitiúidí Eorpacha beartas tionsclaíoch a ghlacadh lena bhféadfar an ceann is fearr a fháil ar an gcur chuige ilroinnte atá ann faoi láthair. Is é an iliomad beartas tionsclaíoch náisiúnta atá ann, agus gan iad de réir a chéile i gcónaí, is cúis leis an ilroinnt sin. Seasamh gualainn ar ghualainn, sin an t-aon bhealach ina bhféadfaimid an meascán ceart de bhearta fioscacha, rialála, tráchtála/custaim agus de dhreasachtaí airgeadais a chur ar fáil a bheidh le leas an mhargaidh aonair i ndáiríre.

1.7. Athdhearbhaíonn CESE a thábhachtaí atá sé an rómhaorlathas agus na costais a bhaineann le comhlíonadh na rialacha a laghdú do ghnólachtaí trí fheabhas a chur ar an rialáil agus simpliú éifeachtach a dhéanamh ar an gcóras riaracháin. B'fhiú go mór, i ndáil leis sin, an measúnú a dhéantar ar thionchar na reachtaíochta, maille leis an tseiceáil iomaíochais, a neartú ar mhaithe leis an bhfiontraíocht agus le cruthú post ardcháilíochta, le dálaí oibre níos fearr, le fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus leis an gcomhtháthú sóisialta.

1.8. Tá súil ag CESE go ndíreofar an rialáil ar na praghsanna fuinnimh a laghdú agus, thar aon ní eile, ar an mbearna praghsanna idir na Ballstáit agus idir an Eoraip agus geilleagair eile a laghdú. I ndáil leis an méid sin, tá súil ag CESE go mbainfear úsáid bhreise as conarthaí difríochta agus go ndéanfar praghas an fhuinnimh in-athnuaite agus foinsí fuinnimh eile ísealcharbóin a dhíchúpláil ó phraghas an fhuinnimh a thagann as foinsí iontaise, toisc an praghas sin a bheith níos luainí. Is gá agus is inmhianaithe tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite agus i bhfoinsí fuinnimh eile ísealcharbóin freisin.

1.9. Tá CESE den tuairim gur gá measúnú cúramach a dhéanamh ar an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT) agus molann sé do reachtóirí an Aontais scrúdú a dhéanamh ar bhealaí iomchuí ina bhféadfaí onnmhairí agus allmhairí a láimhseáil i gcaoi is nach mbainfí d'iomaíochas earnáil tionsclaíochta an Aontais ar na margaí idirnáisiúnta.

1.10. Tugann CESE dá aire go mbeidh lear mór infheistíochtaí ag teastáil le haghaidh na mbeart a mholtar i dtuarascálacha Draghi agus Letta. Dá bhrí sin, iarrann sé ar na hinstitiúidí Eorpacha machnamh a dhéanamh ar a fhéideartha atá sé sócmhainní coiteanna sábháilte a eisiúint, mar a tharla chun aghaidh a thabhairt ar an bpaindéim.

1.11. Ainneoin go bhfuil ar an Aontas an tsíocháin a chur chun cinn i gcónaí i gcomhréir le coincheap na slándála, coincheap a bhfuil níos mó i gceist leis ná díreach an ghné mhíleata, tugann CESE dá aire go bhfágann dálaí geopholaitiúla na linne gur gá beartas cosanta Eorpach, maille le comhbheartas eachtrach níos láidre, a chur chun feidhme. Beidh gá cur leis an infheistíocht chosanta, lena n-áirítear ionstraimí nua maoinithe chun cur leis an dul chun cinn teicneolaíoch san earnáil.

1.12. Ba mhaith le CESE go ndéanfaí machnamh as an nua ar na hearraí poiblí Eorpacha le go bhféadfar na príomhthosaíochtaí a leagan amach do thodhchaí an Aontais. Tá soláthar na n-earraí sin nasctha le tosca eacnamaíocha, institiúideacha agus polaitiúla, agus dá dtabharfaí ráthaíocht ina dtaobh ar an leibhéal Eorpach, chruthófaí breisluach, rud nach féidir a dhéanamh tríd an iliomad cur chuige náisiúnta atá ann faoi láthair.

2. **Réamhrá agus cúlra**

2.1. Is díol sásaimh do CESE tuarascálacha Draghi agus Letta, mar gheall ar an iliomad saincheisteanna a chuimsítear iontu agus ar an misneach a léirigh an dá údar sin trí mholtaí uaillmhianacha a thabhairt. Anailís ghinearálta atá i dtús an dá dhoiciméad agus, ina dhiaidh sin, déantar scrúdú mionsonraithe ar na bearta atá á moladh acu chun an margadh aonair agus iomaíochas an Aontais a neartú. Is éard atá beartaithe ag CESE sa tuairim seo anailís a dhéanamh ar na saincheisteanna is práinní a scrúdaítear sa dá thuarascáil.

2.2. Sa chéad chuid den tuairim, déanann CESE cur síos ar na hinfheistíochtaí is práinní i réimsí éagsúla, agus sa dara cuid iarrann sé ar chinnteoirí na hEorpa cur chuige a ghlacadh i leith an iomaíochais ina gcuirfí san áireamh an ghné shóisialta agus ina gcuimseofaí an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. Chuige sin, cuireann CESE i bhfáth a thábhachtaí atá sé tacú leis an infheistíocht sa bhonneagar sóisialta, agus meabhraíonn sé na conclúidí ó Chruinniú Mullaigh Val Duchesse, inar leagadh amach uair amháin eile tiomantas na hEorpa don idirphlé sóisialta agus a thábhachtaí atá an t-idirphlé sin do chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus Dhearbhú La Hulpe.

2.3. Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil ar an Aontas rogha straitéiseach a dhéanamh: an t-aistriú eacnamaíoch domhanda a mhúnlú trí iomaíochas an Aontais a mhéadú go mór nó gan brath ach ar an méid a baineadh amach san am a caitheadh, á chinntiú san am céanna go n-urramaítear na gealltanais a thug an tAontas roimhe seo ó thaobh na hinbhuanaitheachta agus na haeráide de.

2.4. I gcomhréir le tuarascálacha Letta agus Draghi, meabhraíonn CESE, dá bhrí sin, go bhfuil gá le beart mar ábhar deargphráinne agus iarrann sé ar na comhreachtóirí an beart sin a dhéanamh.

3. **An margadh inmheánach agus todhchaí an mhargaidh inmheánaigh**

3.1. Aontaíonn CESE le tuarascálacha Letta agus Draghi go bhfuil an margadh aonair ar cheann de na príomhthorthaí teicniúla agus polaitiúla a bhí ar phróiseas lánpháirtithe na hEorpa. Mar sin féin, tá sé thar am céim bhreise a thabhairt agus an margadh aonair a chur in oiriúint don chás geopholaitiúil atá ann faoi láthair agus don treocht dhéimeagrafach atá san Aontas, is é sin go dtiocfaidh laghdú 2 mhilliún duine in aghaidh na bliana ar lucht saothair an Aontais idir seo agus 2040. Á aithint dó gur ról lárnach é rialacha an mhargaidh aonair a fhorfheidhmiú, ba mhaith le CESE go mbeadh baint dhíreach aige féin leis an Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair.

3.2. Tá CESE den tuairim freisin go bhfuil sé ríthábhachtach leanúint den obair chun an margadh aonair a thabhairt chun críche, trí earnálacha an airgeadais, na cumarsáide leictreonaí agus an fhuinnimh a chuimsiú ann, agus earnáil na seirbhísí a neartú toisc an iliomad bacainní a bheith le sárú ag an earnáil sin d'fhonn í a chomhtháthú ina hiomláine.

3.3. Beidh sochair eacnamaíocha agus shóisialta le baint as margadh aonair atá láidir comhtháite. Dá bhrí sin, le go rachaidh na sochair chun tairbhe do gach saoránach agus gach oibrí san Aontas, creideann CESE nach mór beartais fhioscacha, shóisialta agus chomhshaoil a bheith ag gabháil leis na tograí atá á gcur chun cinn sa dá thuarascáil chun an margadh aonair agus an t-airgeadra aonair a neartú.

3.4. Tá sé á thuar i dtuarascáil Draghi agus, go hindíreach, i dtuarascáil Letta go mbeidh comhpháirtíocht athnuaite ann idir na Ballstáit. Is éard a mheabhraíonn sé sin dúinn go bhfuil gá le díospóireacht a dhéanamh ar rialacha bunúsacha an Aontais agus ar oiriúnacht na gConarthaí do shaol ár linne, i bhfianaise na mbeart uaillmhianach a moladh sa dá thuarascáil, tuarascálacha a tharraing freisin as roinnt de na treoracha a tugadh sna litreacha misin a cuireadh chuig na Coimisinéirí nua.

3.5. Creideann CESE, áfach, go bhféadfadh sé a bheith deacair an dá thuarascáil a chur chun feidhme faoi chreat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais (an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe), a fhad a bhaineann sé le srianta buiséadacha a bhí róshriantach go dtí seo a bheith á gcruthú ag an gcreat sin, rud a luaigh an Bord Fioscach Eorpach ([1]).

3.6. Seasann CESE leis an achainí a rinneadh i dtuarascáil Letta go mbeadh an margadh aonair dírithe ar an inbhuanaitheacht comhshaoil agus ar an rathúnas eacnamaíoch a chur chun cinn, agus leis an achainí i dtuarascáil Draghi go mbeadh uaillmhianta inbhuanaitheachta na hEorpa ina ndlúthchuid den iomaíochas ([2]). Is fada atá CESE ag tacú leis an aistriú ó gheilleagar líneach go geilleagar ciorclach agus le ról na sochaí sibhialta sa chomhthéacs sin ([3]).

4. **An tAontas ina cheannaire domhanda**

4.1. Tá CESE ar aon intinn le húdair na dtuarascálacha faoi go bhfuil an tAontas i gcomórtas eacnamaíoch leis na Stáit Aontaithe, agus le geilleagair eile atá ag teacht chun cinn amhail an tSín agus an India, i gcomhthéacs idirnáisiúnta atá níos casta ná an comhthéacs a bhí ann nuair a cuireadh tús leis an margadh aonair a chéaduair. I ndáil leis sin, tá trí réimse thábhachtacha gníomhaíochta leagtha amach ag Draghi ina thuarascáil féin: (i) an gá le bheith iomaíoch sa 'rás' domhanda, agus an bhearna nuálaíochta a dhúnadh; (ii) a thábhachtaí atá sé an spleáchas straitéiseach ar shlabhraí soláthair tríú tíortha a laghdú; (iii) cumas an Aontais gníomhú dáiríre mar aon aonad amháin.

4.2. Agus an méid sin á chur san áireamh, cuireann CESE i bhfáth a thábhachtaí atá sé go mbeadh clár oibre trádála uaillmhianach ag an Aontas agus go n-oibreodh sé i gcomhar le comhpháirtithe ar fud an domhain.

4.3. Tacaíonn CESE leis an achainí a rinne Draghi agus Letta, is é sin gur gá do gheilleagar na hEorpa, ag a bhfuil luachanna agus rialacha ar leith, a bheith iomaíoch arís trí sheasamh níos láidre a ghlacadh ar an leibhéal idirnáisiúnta, in ainneoin an dul chun cinn ghasta leanúnaigh atá á dhéanamh ag mórbhloic thrádála lasmuigh den Eoraip agus an mhéadaithe atá tagtha ar an teannas geopholaitiúil, rud arb ábhar imní é.

4.4. Ní mór don Aontas Eorpach leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta sna réimsí a bhaineann leis an athrú aeráide, an truailliú agus cailliúint na bithéagsúlachta.

4.5. Sa chomhthéacs sin, creideann CESE nár cheart don Aontas éirí as an tsíocháin agus an daonlathas a chur chun cinn ([4]), agus gur cheart dó cabhrú le cothromaíocht dhomhanda nua a aimsiú agus ról níos láidre a lorg don euro sa gheilleagar domhanda, sin agus cur le cumas an Aontais labhairt d'aon ghuth sa bheartas eachtrach. Iarrann CESE machnamh a dhéanamh an maith an smaoineamh é an vótáil trí thromlach a thabhairt isteach sa réimse seo nó nach ea.

4.6. Meabhraíonn CESE go bhfuil baol ann go dtiocfaidh ilroinnt chun cinn sa rialachas domhanda agus go dtiocfaidh méadú ar tharaifí trádála. Mura féidir caidreamh idirnáisiúnta dearfach a chothú, tá an baol ann go spreagfar rás i dtreo an bhuntáiste iomaíoch, rud a d'fhéadfadh teannas agus coinbhleachtaí a spreagadh, agus an tsíocháin, na luachanna daonlathacha agus baint amach na gcuspóirí sóisialta agus comhshaoil a chur i mbaol. Creideann CESE freisin go bhfuil an tsíocháin chobhsaí bhuan ar an domhan seo ag brath ar dhálaí maireachtála agus oibre phobail uile an domhain a fheabhsú, i gcomhréir leis an inbhuanaitheacht atá beartaithe i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe.

([1]) An Bord Fioscach Eorpach, 2024, *Annual Report 2024* [Tuarascáil Bhliantúil 2024].
([2]) IO C, C/2024/6877, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6877/oj.
([3]) Bhunaigh an Coimisiún Eorpach agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa Ardán Eorpach Gheallsealbhóirí an Gheilleagair Chiorclaigh i gcomhpháirt le chéile.
([4]) Rud a chumhdaítear sna Conarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

5. **Beartas tionsclaíoch an Aontais**

5.1. Is mór ag CESE go bhfuil sé luaite go sonrach i dtuarascáil Draghi go bhfuil gaol láidir idir an t-iomaíochas tionsclaíoch agus inbhuanaitheacht shamhail shóisialta na hEorpa, rud atá tábhachtach sa phróiseas lánpháirtithe agus atá ar cheann de na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe.

5.2. Aontaíonn CESE leis an achainí a rinne Draghi go mbeadh beartas tionsclaíoch ann lena bhféadfaí an ceann is fearr a fháil ar an gcur chuige ilroinnte atá ann faoi láthair. Is é an iliomad beartas tionsclaíoch náisiúnta atá ann, agus gan iad de réir a chéile i gcónaí, is cúis leis an ilroinnt sin. Seasamh gualainn ar ghualainn ar leibhéal na hEorpa, sin an t-aon bhealach ina bhféadfaimid an meascán ceart de bhearta fioscacha, rialála, tráchtála/custaim agus de dhreasachtaí airgeadais a bheidh le leas an mhargaidh aonair i ndáiríre, mar a rinne na Stáit Aontaithe agus an tSín sna beartais thionsclaíocha is déanaí a d'ullmhaigh siad. Ba cheart é sin a dhéanamh trí thionscnaimh reachtacha a chuíchóiriú le go mbeidh siad níos spriocdhírithe, ón taobh cáilíochtúil de, ionas go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar ghnólachtaí Eorpacha agus ar chruthú post ardcháilíochta.

5.3. Creideann CESE go bhféadfaí an laghdú atá ann faoi láthair ar an infheistíocht Eorpach sa taighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht, maille leis an nglacadh doicheallach le hardteicneolaíochtaí, a leigheas, i bpáirt ar a laghad, trí bhíthin infheistíochtaí poiblí breise níos spriocdhírithe a dhéanamh, óir (dar le Draghi) tá an clár 'Fís Eorpach' ró-ilroinnte i gcás na gcuspóirí atá ann. Dá bhrí sin, aontaíonn CESE leis an achainí a rinneadh sa tuarascáil an infheistíocht a dhíriú ar earnálacha a bhfuil ardacmhainneacht fáis iontu agus: (i) na bearta a bheith spriocdhírithe agus comhordaithe; (ii) straitéis éifeachtach thionsclaíoch a shainiú bunaithe ar an taighde agus an fhorbairt agus ar an nuálaíocht theicneolaíoch; (iii) tacú leis na comhpháirtíochtaí tionsclaíocha trí uirlisí lárnacha a neartú, amhail na tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna).

5.4. Maidir le cumaisc, tacaíonn CESE leis an gcur chuige cuimsitheach a leagtar amach i dtuarascáil Draghi, ina moltar cothromaíocht a aimsiú idir an beartas iomaíochta agus an beartas tionsclaíoch agus béim iomchuí a leagan ar thosca straitéiseacha amhail an nuálaíocht agus an iomaíocht a bheidh ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann sna blianta amach romhainn, lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta. Chun an cur chuige sin a éascú, creideann CESE, mar atá luaite i dtuarascáil Draghi, gur gá na treoirlínte ón gCoimisiún a thabhairt cothrom le dáta, seachas an Rialachán Eorpach um Chumaisc a leasú. Sa chomhthéacs sin, iarrann CESE go ndéanfaí na féidearthachtaí cumasc a dhéanamh i réimsí straitéiseacha a bhaineann le slándáil shaoránaigh an Aontais Eorpaigh (teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide, teicneolaíochtaí dé-úsáide) a mheas go cáiréiseach.

5.5. Maidir le hAirteagal 101 CFAE, aithníonn CESE a thábhachtaí atá sé treoracha agus teimpléid shoiléire a chur ar fáil i dtaca le comhaontuithe um chomhar cothrománach idir gnólachtaí an Aontais, mar a mholtar i dtuarascáil Draghi, le go bhféadfar an infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt, san aistriú chuig an inbhuanaitheacht, agus i dtionscnaimh straitéiseacha eile, a éascú.

6. **Creat rialála an Aontais Eorpaigh**

6.1. I gcomhréir le seasaimh éagsúla a ghlac CESE roimhe seo, athdhearbhaíonn sé a thábhachtaí atá sé an t-ualach maorlathach agus na costais a bhaineann le comhlíonadh na rialacha náisiúnta agus Eorpacha a laghdú do na gnólachtaí ar fad, rud a d'fhágfadh borradh faoi tháirgiúlacht agus iomaíochas na ngnólachtaí sin a bhuí le reachtóireacht (rialáil) níos fearr agus le simpliú ar na dualgais riaracháin.

6.2. Ba mhaith le CESE go bhféachfaí leis an togra ón gCoimisiún Eorpach a chur chun feidhme leis an ualach tuairiscithe ar ghnólachtaí a laghdú 25 %, leis an rómhaorlathas a chur san áireamh sa chiall is leithne i raon feidhme an bhirt, agus le sprioc 50 % ar a laghad a leagan síos maidir leis an laghdú ar an ualach tuairiscithe do FBManna, gan an bonn a bhaint de ghealltanas na hearnála príobháidí a gníomhaíochtaí eacnamaíocha féin a chur i gcomhréir leis na comhspriocanna comhshaoil, sóisialta agus iomaíochais.

6.3. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do CESE an tagairt a rinneadh ina leith sin i dtuarascáil Draghi, ina gcuirtear in iúl go gcuireann an rómhaorlathas na FBManna, go háirithe, faoi mhíbhuntáiste. I ndáil leis sin, ní mór an measúnú tionchair ar na bearta a bheidh ann sna blianta amach romhainn a neartú, lena n-áirítear trí leas a bhaint as réamh-ionsamhlú a bhfuil fianaise eacnaiméadrach agus chainníochtúil ag gabháil leis. Agus an méid sin á chur san áireamh, tacaíonn CESE freisin leis an smaoineamh go ndéanfaí réamhsheiceáil iomaíochais ar gach píosa reachtaíochta AE a dhréachtófaí sna blianta amach romhainn, lena n-áirítear athruithe nó leasuithe suntasacha a dhéanfaí le linn an nós imeachta reachtaigh, chun tacú leis an bhfiontraíocht agus le cruthú post ardcháilíochta, le feabhas a chur ar na dálaí oibre, agus ar mhaithe leis an bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe agus leis an gcomhtháthú sóisialta.

6.4. Molann CESE dea-theicnící reachtaíochta a fhorbairt, teicnící lena n-urramófaí prionsabal na coimhdeachta agus a chuirfeadh le ról an idirphlé shóisialta agus le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta. Thairis sin, níor cheart do na rialtais náisiúnta leas a bhaint as an reachtaíocht Eorpach chun an chosaint atá ag oibrithe a laghdú. Ina ionad sin, ba cheart dóibh tacú leis an dínit ag an obair trí bhíthin ceart agus coimircí, agus próiseas cóineasaithe agus feabhsaithe dhálaí maireachtála agus oibre shaoránaigh an Aontais a chur chun cinn, á chur san áireamh freisin an t-athrú atá ag teacht go han-tapa ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua.

7. **Aontas Baincéireachta agus Caipitil**

7.1. Meabhraíonn CESE an tábhacht straitéiseach atá leis an Aontas Caipitil (a seoladh in 2015), agus athdhearbhaíonn sé an iarraidh a rinne sé go mion minic gur ghá an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche, agus a áirithiú freisin go gcosnófaí na coigilteoirí beaga agus go n-urramófaí na cuspóirí atá leis an gcoigilteas pinsin ([5]).

7.2. Ba ghá freisin dul chun cinn a dhéanamh i dtreo margadh caipitil fiontair Eorpach ní b'iomláine. An margadh caipitil fiontair atá san Eoraip faoi láthair, margadh a chuimsíonn 5 % den mhargadh domhanda iomlán, níl sé inchurtha le margadh na Stát Aontaithe (50 % den mhargadh domhanda) ná na Síne (40 % den mhargadh domhanda), rud a fhágann go mbíonn deacrachtaí sonracha ag nuálaithe na hEorpa agus iad ag tosú amach ar ghnó a bhunú nó le linn dóibh gnó a mhéadú agus go mbíonn orthu a dtionscadail féin a thabhairt ar láimh do pháirtithe atá lonnaithe lasmuigh den Aontas.

8. **Aontas Fuinnimh**

8.1. Tá súil ag CESE go ndíreofar an rialáil ar na praghsanna fuinnimh a laghdú, praghsanna atá níos airde san Eoraip ná mar atá i ngeilleagair eile, rud a chruthaíonn míbhuntáiste iomaíochta. Ní easpa acmhainní nádúrtha san Aontas an t-aon chúis leis an gcur chuige míbhuntáisteach sin, ach freisin: (i) an mhoill ar infheistíochtaí straitéiseacha áirithe san fhuinneamh glan; (ii) an tionchar a bhíonn ag rialacha fioscacha fo-optamacha; (iii) margadh díorthach atá in ann cur leis an luaineacht (Draghi). Lena chois sin, mar a tugadh le fios i dtuarascáil Letta, is míbhuntáiste breise é nach bhfuil comhtháthú iomlán déanta go fóill ar na margaí fuinnimh, toisc go bhfágfadh a leithéid go laghdófaí na costais a bhaineann le rochtain a fháil ar an margadh agus go bhféadfaí an infheistíocht a chur chun cinn.

8.2. Dá bhrí sin, moltar sa dá thuarascáil béim bhreise a leagan ar bhuntáistí an fhuinnimh in-athnuaite agus foinsí fuinnimh eile atá saor ó iontaisí, go háirithe trí leas a bhaint as conarthaí difríochta agus trí phraghas an fhuinnimh in-athnuaite a dhíchúpláil ó phraghas an fhuinnimh iontaise ar praghas é atá níos luainí ar ndóigh.

8.3. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach tacú leis an infheistíocht san fhuinneamh in-athnuaite agus meastóireacht a dhéanamh ar an deis chun tacú le hinfheistíocht i bhfoinsí fuinnimh eile atá saor ó iontaisí, bearta sonracha a dhéanamh lena áirithiú go ndéanfar an sciar den ioncam ón gcóras trádála astaíochtaí (CTA) a leithdháiltear ar na Ballstáit (thart ar 75 % faoi láthair) a infheistiú i dtionscadail atá dírithe ar an dícharbónú, e.g. chun réitigh gabhála, úsáide agus stórála carbóin (CCUS) a fhorbairt agus hidrigin a tháirgeadh, sin agus dlús a chur lena húsáid.

8.4. Cé go leagtar béim sa dá thuarascáil ar a thábhachtaí atá SCCT chun earnáil tionsclaíochta na hEorpa a chosaint ar sceitheadh carbóin agus ar dhumpáil éiceolaíoch, luaitear freisin go bhfuil roinnt fadhbanna i gceist leis an sásra céanna. Is é a thugtar le fios i dtuarascáil Letta gur gá, agus athbhreithniú á dhéanamh ar raon feidhme an tsásra, measúnú cúramach a dhéanamh ar an mbaol go dtiocfadh laghdú ar iomaíochas thionscail na hEorpa. Maidir le tuarascáil Draghi, caitear amhras ar an dul chun cinn is féidir a dhéanamh tríd an sásra, trí léiriú a thabhairt ar a chasta atá sé de bharr an ualaigh mhóir riaracháin a chuirtear ar ghnólachtaí agus an baol ann i gcónaí nach gcuirfidh na Ballstáit uile chun feidhme ar an dóigh chéanna é.

8.5. Tá CESE i bhfabhar an togra atá luaite i dtuarascáil Letta, is é sin scéim Ráthaíochtaí Glasa Eorpacha a chur ar bun i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) chun cistí poiblí agus príobháideacha a shlógadh ar mhaithe le cuspóirí na hinbhuanaitheachta. Ní mór tacú leis an seasamh láidir atá ag gnólachtaí na hEorpa faoi láthair in earnálacha na teicneolaíochta glaine le nach gcaillfidh siad amach de dheasca dhianfhás na Síne san earnáil sin.

([5]) IO C 155, 30.4.2021, lch. 20.

9. **Aontas Eolais**

9.1. Is díol sásaimh do CESE an moladh a leanas a rinne Letta sa tuarascáil uaidh, is é sin go gcuirfí an cúigiú saoirse, agus í dírithe ar an eolas, an taighde agus an nuálaíocht, leis na ceithre shaoirse gluaiseachta atá ann cheana sa mhargadh aonair Eorpach.

9.2. Tacaíonn CESE leis na gníomhaíochtaí a shainaithnítear i dtuarascáil Draghi i réimse na forbartha scileanna chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thiocfaidh chun cinn don Aontas sa todhchaí. Tá na gníomhaíochtaí sin deartha féachaint leis an mbearna nuálaíochta a dhúnadh agus feabhas a chur ar an aistriú ó chéadcheapadh táirgí agus seirbhísí go dtí a dtráchtálú. Ar roinnt de na gníomhaíochtaí úsáideacha sin tá (i) tacaíocht le gur féidir daoine a uas-sciliú agus a athsciliú, go háirithe sna hearnálacha teicneolaíochta agus digiteacha; (ii) an tsoghluaisteacht a fheabhsú a fhad a bhaineann sé le scileanna; (iii) an rochtain ar mhaoiniú a shimpliú; (iv) comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chruthú chun caighdeáin ábhartha scileanna agus cláir oiliúna ábhartha a shainiú.

9.3. Tugann CESE dá aire, áfach, nach gcuirtear a dhóthain béime i dtuarascáil Draghi ar an tábhacht atá leis an idirphlé sóisialta a fhad a bhaineann sé le hinfheistíocht a shlógadh agus an chómhargáil a chur ar bun chun tacú leis an aistriú atá le déanamh, sin ná ar thábhacht na foghlama ar feadh an tsaoil i gcás oibrithe.

10. **Ról na hintleachta saorga**

10.1. Meabhraíonn CESE ról agus tábhacht na hintleachta saorga ó thaobh an rúin atá ann an cúigiú saoirse gluaiseachta a fhorbairt agus í dírithe ar an eolas, an taighde agus an nuálaíocht agus ó thaobh an ghá níos leithne atá ann cur le táirgiúlacht gheilleagar na hEorpa sna blianta amach romhainn tríd an intleacht shaorga a chomhtháthú 'go hingearach' sna próisis thionsclaíocha.

10.2. Ní mór an intleacht shaorga a fhorbairt i gcomhréir leis an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití, de réir samhail forbartha ina gcuirtear iolrachas na faisnéise, forbairt FBManna agus cruthú fostaíochta san áireamh.

10.3. Toisc gur féidir leis na córais intleachta saorga agus teicneolaíochtaí nua nach bhfuil ach ag teacht chun cinn scaipeadh go rábach, tá gá le cur chuige coisctheach lena sheachaint go mbeadh tionchar diúltach ag úsáid na dteicneolaíochtaí sin ar oibrithe. Ba cheart díriú sna tionscnaimh reachtacha ar na bearnaí a dhúnadh a fhad a bhaineann sé le cearta na n-oibrithe a chosaint san ionad oibre agus a áirithiú go mbeidh smacht ag daoine ar na hidirghníomhaíochtaí uile idir an duine agus an meaisín.

11. **Ról na hinfheistíochta**

11.1. Tugann CESE dá aire nach féidir na gníomhaíochtaí éagsúla a mholtar i dtuarascálacha Draghi agus Letta a chur i gcrích gan lear mór infheistíochta. Tugadh le fios i dtuarascáil Draghi go bhfuil cosúlachtaí idir na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh in Eoraip ár linne agus Plean Marshall a bhí ann sa tréimhse iarchogaidh.

11.2. Dá bhrí sin, iarrann CESE ar na hinstitiúidí Eorpacha machnamh a dhéanamh ar a fhéideartha atá sé sócmhainní coiteanna sábháilte a eisiúint, mar a tharla le linn na paindéime, trí leas a bhaint as cur chuige nua nach mbeadh aon nasc aige le héigeandáil shonrach, ach a bheadh dírithe ar chuspóirí fadtéarmacha agus ar tháirgeadh earraí poiblí Eorpacha. Sa chomhthéacs sin, creideann CESE gur cheart machnamh a dhéanamh freisin ar a fhéideartha atá sé comhchiste infheistíochta Eorpach a bhunú a mhaoineofaí as ionstraimí éagsúla, mar shampla eisiúint chomhpháirteach fiachais an Aontais ([6]) dírithe ar thionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna) agus struchtúr rialachas inti lena n-áiritheofaí an t-idirphlé sóisialta.

11.3. Meabhraíonn CESE go bhfuil laghdú tagtha ar an gcaiteachas infheistíochta le fiche bliain anuas, rud a fhágann go bhfuil laghdú freisin ar an stoc caipitil phoiblí i roinnt mhaith tíortha san Aontas. Leis an titim sin ar an gcaipiteal poiblí, ní hamháin go bhfuil fadhbanna slándála ann, ach tá cáilíocht agus soláthar na seirbhísí poiblí i mbaol, agus an baol ann dá dheasca sin go ndéanfar dochar don fhás eacnamaíoch agus, dá dheasca sin arís, don infheistíocht phríobháideach a d'fhéadfaí a fháil.

11.4. D'fhéadfaí na rialacha maidir leis an státchabhair a oiriúnú mar a mholtar i dtuarascáil Letta, le go bhféadfaí cuspóirí áirithe beartais a bhaint amach, eadhon an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach nó daoine faoi mhíbhuntáiste a ath-imeascadh i margadh an tsaothair nó an rochtain ar chreidmheas a éascú do ghnólachtaí. Ag an am céanna, ba cheart ciste de chuid an Aontais a chur ar bun go tapa le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha a bheadh le leas na hEorpa agus a d'fhéadfadh cuidiú le cruth nua a chur ar iomaíochas an Aontais agus borradh a chur faoin aistriú glas agus an t-aistriú digiteach.

([6]) IO C, C/2024/3385, 31.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3385/oj.

11.5. Is scéal cinnte é gur gá an bhearna iomaíochais idir an Eoraip agus na Stáit Aontaithe agus an tSín a laghdú, ach is gá a thabhairt le fios freisin, dar le CESE, gur eiseamláir dhomhanda den chéad scoth í an tsamhail Eorpach ó thaobh an leasa, na dlúthpháirtíochta, an chuimsithe shóisialta, na hinbhuanaitheachta agus láimhseáil éagothromaíochtaí de. Agus an tAontas Eorpach ag éirí níos iomaíche agus níos táirgiúla, ba cheart dó oidhreacht sin na dlúthpháirtíochta agus an chomhionannais a chaomhnú agus a athcheapadh trí ról an gheilleagair shóisialta a neartú.

11.6. Ag an am céanna, áfach, ní mór a chur i bhfios go láidir go dtarlóidh sé, i gcás nach n-éireoidh leis an Eoraip cur leis an táirgiúlacht, go gcuirfear iallach orainn rogha a dhéanamh idir a bheith ceannródaíoch i réimse na teicneolaíochta, ceannródaíoch i réimse na haeráide nó neamhspleách ar an ardán domhanda, rud a d'fhágfadh go mbeadh deacrachtaí againn ár samhail shóisialta ardfhorbartha a mhaoiniú. Ní foláir costas an aistrithe a sheasamh le chéile. Dá bhrí sin, tá sé curtha i dtábhacht ag CESE go bhfuil gá le creat beartais um aistriú cóir ([7]) ([8]).

12. **Aontas Cosanta**

12.1. Ag meabhrú dó Airteagal 3 CAE, ina luaitear gurb 'é is aidhm don Aontas an tsíocháin, a chuid luachanna agus dea-bhail a chuid pobal a chur chun cinn', tá CESE den tuairim nach mór don Aontas gníomhaíocht taidhleoireachta dá chuid féin a chur chun cinn i gcónaí agus i ngach cás chun teacht ar réiteach síochánta ar aon choinbhleacht leanúnach a bheadh ann.

12.2. Tugann CESE dá aire go bhfágann an t-ionradh ar an Úcráin go bhfuil gá le beartas cosanta Eorpach a chur chun feidhme, ar beartas é nach féidir a dhealú ó chomhbheartas eachtrach. Sa chomhthéacs sin, measann CESE gur gá an infheistíocht a mhéadú trí leas a bhaint as ionstraimí nua maoiniúcháin, agus foinsí nach iad, lena bhféadfaí feabhas a chur ar an bhforbairt theicneolaíoch san earnáil mhíleata, go háirithe chun teorainneacha thoir an Aontais a chosaint.

12.3. Is díol sásaimh do CESE, dá bhrí sin, an méid a iarradh sa dá thuarascáil sin a fhad a bhaineann sé le (i) comhiomlánú agus comhordú breise a dhéanamh ar an éileamh ar an leibhéal Eorpach chun na barainneachtaí scála a mhéadú, lena n-áirítear tríd an soláthar poiblí comhpháirteach; (ii) Straitéis um Thionscal Cosanta na hEorpa (EDIS) a chur chun feidhme láithreach, agus gur iarr Draghi Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP) a ghlacadh a luaithe agus is féidir. Lena chois sin, luaitear i dtuarascáil Letta go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach a ghlacadh maidir leis an gcaiteachas cosanta, cur chuige trína gcuirfí dreasachtaí atá dírithe ar an margadh san áireamh, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

13. **Aontas atá in ann earraí poiblí Eorpacha a sholáthar**

13.1. Mar thoradh ar fhoilsiú an dá thuarascáil atá faoi scrúdú, tá CESE den tuairim gur cheart tús a chur le machnamh ar na hearraí poiblí Eorpacha le go bhféadfar na príomhthosaíochtaí a leagan amach do thodhchaí an Aontais. Tá soláthar na n-earraí sin nasctha le tosca eacnamaíocha, institiúideacha agus polaitiúla, agus dá dtabharfaí ról gníomhach do na hinstitiúidí Eorpacha, chruthófaí breisluach as a n-eascródh barainneachtaí scála agus éifeachtaí dearfacha seachtracha, rud a chomhlánódh na cineálacha iomadúla cur chuige náisiúnta atá ann.

13.2. Dá bhrí sin, má tá gá le hinfheistíocht iomchuí i réimse na cosanta, measann CESE gur ghá tosaíocht a thabhairt, *inter alia*, do na hearraí poiblí seo a leanas freisin: (i) bonneagar digiteach agus fuinnimh trasteorann a sholáthar; (ii) ardáin a fhorbairt chun scileanna a fhoghlaim agus a mhalartú; (iii) cláir soláthair phoiblí chomhpháirteacha a sheoladh le haghaidh amhábhair chriticiúla; (iv) soláthar comhpháirteach vacsaíní agus feistí sláinte; (v) cláir oideachais leanúnaigh agus cláir bhreisoiliúna a bhunú; (vi) seirbhísí cúraim sláinte a chur chun feidhme; (vii) an tithíocht shóisialta a neartú.

13.3. Agus na gnéithe sin á gcur san áireamh, caithfear an chéad leagan eile (2028-2034) den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a dhíriú ar na tosaíochtaí beartais atá sonraithe sa dá thuarascáil agus ar na hinfheistíochtaí comhfhreagracha sna hearraí poiblí Eorpacha atá luaite sa phointe roimhe seo. Ar an gcúis sin, tá súil ag CESE go bhfágfaidh an leithdháileadh cistí sa chéad leagan eile de CAI go mbeidh an tAontas in ann a thosaíochtaí straitéiseacha a chur i gcrích i réimsí an chomhshaoil, na nuálaíochta teicneolaíche, na huathrialach straitéisí oscailte agus an dul chun cinn shóisialta, sin agus na dúshláin dhomhanda a fhreagairt go hiomchuí.

13.4. Is oth le CESE go bhfuil raon feidhme na hionstraime STEP (an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip) a tugadh isteach le linn an athbhreithnithe meántéarma ar CAI 2021-2027 i bhfad rótheoranta i gcomparáid le tionscnaimh den chineál céanna i dtíortha eile.

([7]) IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj.
([8]) IO C, C/2025/772, 11.2.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/772/oj.

13.5. I bhfianaise na dtorthaí dearfacha a bhí ann le linn ghéarchéim COVID-19, tá CESE den tuairim freisin gur cheart féachaint an bhféadfaí ionstraim nua SURE ([9]) a cheadú trína bhféadfaí tacaíocht a thabhairt ar mhaithe leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú, agus leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bheadh inbhuanaithe cóir, agus déileáil le haon suaitheadh gan choinne a bheadh ann ([10]) ([11]).

13.6. Tá súil ag CESE go gcuirfear san áireamh sa leagan nua de CAI, mar chomhlánú ar ghné an chomhtháthaithe shóisialta, ionstraim infheistíochta straitéisí le haghaidh an iomaíochais Eorpaigh trína ndéanfar tuiscint agus loighic an athdháilte ioncaim a nascadh le loighic na hinfheistíochta, go háirithe i réimsí an iomaíochais theicneolaíoch agus an chlaochlaithe thionsclaíoch.

13.7. An 'creat nua comhordaithe iomaíochais' a moladh i dtuarascáil Draghi, trína ndéanfaí na beartais eacnamaíocha ábhartha uile a nascadh leis na tosaíochtaí straitéiseacha ar tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú fúthu, ba cheart é a chomhordú faoi shásra an smachta bhuiséadaigh agus an chreata nua maidir le cóineasú sóisialta, trí bhíthin nósanna imeachta an tSeimeastair Eorpaigh.

13.8. Is féidir ról lárnach a bheith ag an Seimeastar Eorpach maidir leis an iomaíochas, an táirgiúlacht, an inbhuanaitheacht agus an chothroime shóisialta a chur chun cinn, ar choinníoll go mbeidh an tábhacht chéanna leis na tosca sin go léir sa chreat tagartha nua. Trí chreat nua comhordaithe iomaíochais a fhorbairt, maille leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas a chur chun feidhme, díreofar ar an bhfás eacnamaíoch trí na cuspóirí agus na tosaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a chomhordú.

13.9. Ba mhaith le CESE a mheabhrú freisin an nasc atá ag an Seimeastar Eorpach leis an gCreat nua maidir le Cóineasú Sóisialta (SCF), arb ionstraim úsáideach é chun faireachán, meastóireacht agus cur chun feidhme a dhéanamh ar infheistíochtaí na mBallstát chun cuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach.

14. **Tábhacht an chomhtháthaithe shóisialta agus chríochaigh**

14.1. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh ról lárnach i gcónaí ag an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. I dtuarascáil Letta déantar cur síos ar an dlúthnasc idir an margadh inmheánach agus an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus i dtuarascáil Draghi mínítear an dlúthnasc atá idir iomaíochas an Aontais agus samhail shóisialta na hEorpa. Dá thoradh sin, meabhraíonn CESE go bhfuil difríochtaí bunúsacha idir an dá thuarascáil maidir leis an anailís a dhéantar agus go bhfuil, dá réir sin, tograí sonracha éagsúla á gcur chun cinn ag an mbeirt údar maidir leis an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach i gcoitinne.

14.2. Tá ról lárnach ag an mbeartas comhtháthaithe i dtuarascáil Letta; is é a chinntíonn go ndéantar na buntáistí a bhaineann leis an margadh aonair a leithdháileadh go hiomlán i measc shaoránaigh agus chríocha uile an Aontais (saoirse an duine fanacht sa phobal is rogha leis nó léi). Is sa chomhthéacs sin, go háirithe, a chuirtear chun suntais a thábhachtaí atá na seirbhísí leasa ghinearálta (féach Airteagal 14 CFAE agus Prótacal 26 CAE) mar dhóigh dhíreach lena áirithiú go mbeidh an tsaoirse ag duine fanacht sa phobal is rogha leis nó léi. Tugann Letta, go háirithe, le fios go bhfuil sé den tuairim gurb é an Seimeastar Eorpach an creat beartais iomchuí trína n-áiritheofar go gcuirfear na rialacha iomchuí i bhfeidhm maidir leis an gcomhtháthú, rud a d'fheidhmeodh mar fhrithbheart in aghaidh an fhaireachais iltaobhaigh fhioscaigh agus mhaicreacnamaíoch faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis.

14.3. Creideann CESE, dá bhrí sin, gur tríd an Seimeastar Eorpach a chaithfear íoschaighdeáin choiteanna a leagan síos agus deireadh a chur leis na bacainní ar an gcuimsiú, óir tá na bacainní sin fós ag cur isteach ar ghrúpaí atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh agus ar na limistéir thíreolaíocha is leochailí a fhad a bhaineann sé leis an aistriú eacnamaíoch, agus ba cheart leibhéal iomchuí comhtháthaithe a áirithiú dóibh.

14.4. Agus béim á leagan ag Draghi ar an nasc idir an t-iomaíochas agus an tsamhail shóisialta Eorpach, tugann CESE dá aire gur cosúil go bhfuil amhras á chaitheamh ag Draghi ar ról straitéiseach an bheartais comhtháthaithe faoi chuimsiú an leagain reatha de CAI (2021-2027), agus go bhfuil beag is fiú á dhéanamh aige den tionchar a bhíonn ar iomaíochas an Aontais ag an infheistíocht sa bhonneagar sóisialta, inláimhsithe agus doláimhsithe, mar chuid den tacaíocht a thugtar do na beartais shóisialta, athdháilte ioncaim agus saothair.

([9]) An Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála.
([10]) Rún ó CESE *Dul chun cinn daonlathach an Aontais a leagan amach: rún don chéad sainordú reachtach eile*.
([11]) IO C 517, 22.12.2021, lch. 16.

14.5. Iarrann CESE freisin go ndéanfaí machnamh ar ghné chríochach an iomaíochais, rud nach ndírítear air i gceachtar den dá thuarascáil, faraor, ach a bhfuil cur síos maith déanta air san Innéacs um Iomaíochas Réigiúnach an Aontais 2.0 ([12]). Tá CESE den tuairim gur cheart anailís a dhéanamh ar iomaíochas an Aontais ar an leibhéal críochach freisin chun dul chun cinn a dhéanamh maidir lena lán de na tograí atá sonraithe i dtuarascálacha Draghi agus Letta.

14.6. Ba mhaith le CESE aird a dhíriú ar an mbaol a bhaineann le straitéis iomaíochais nach bhfuil éagothromaíochtaí curtha san áireamh inti. D'fhágfadh a leithéid sin de chur chuige go méadódh an bhearna idir na limistéir thuaithe, na hoileáin agus na limistéir intíre, atá i mbaol a ndídhaonraithe, agus na limistéir uirbeacha, sin agus idir codanna éagsúla den mhargadh inmheánach.

14.7. Ar deireadh, tá súil ag CESE go mbeidh an Coimisiún in ann trí bhíthin a chláir oibre reachtaigh an dá fhís éagsúla i dtaobh an chomhtháthaithe atá leagtha amach sa dá thuarascáil a chur de réir a chéile, agus mionathruithe a dhéanamh ar bheartais an iomaíochais, ar thaobh amháin, agus ar bheartais an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh, agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil, ar an taobh eile. Ní leor an t-iomaíochas as féin, gan an comhtháthú sóisialta agus an dlúthpháirtíocht, ós rud é go bhfuil forbairt na réigiún éagsúil i gcomhthráth ina gné bhunriachtanach d'fheidhmiú cuí an mhargaidh aonair, agus d'fhás an mhargaidh sin sna blianta amach romhainn.

An Bhruiséil, an 26 Feabhra 2025.

Uachtarán

Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE

([12]) Dijkstra, L., Papadimitriou, E., Cabeza Martinez, B., de Dominicis, L., Kovacic, M., 2023, *EU Regional Competitiveness Index — 2022 Edition* [Innéacs um Iomaíochas Réigiúnach an Aontais — Eagrán 2022], Páipéir Oibre an Choimisiúin Eorpaigh, WP01/2023.